



Fógra Agóide

Foirm fógra agóide i leith iontráil ar Liosta na dToghthóirí nó Liosta na nÉileamh don toghlach Ardoideachais

Leasaítear Clár na dToghthóirí do thoghlach Ardoideachais Sheanad Éireann go bliantiúil de réir Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomhscoile)(Leasú) 2024 mar seo a leanas:

- Ar an 29 Eanáir, foilsíonn an príomhoifigeach clárúcháin liosta daoine a fheictear dó a bhfuil incháilithe clárú do Chlár na dToghthóirí. Áirítear ar an liosta ainmneacha daoine atá ar an gClár reatha, iad siúd a fuarthas agus a próiséaladh foirm éilimh uathu agus iad siúd ar baineadh a n-ainmneacha ón gClár leasaithe (m.sh. de bharr eolais a fuarthas a léiríonn gur bhásaigh duine éigin)
- Is féidir le hiarratasóirí incháilithe éileamh a dhéanamh a bheith curtha san áireamh ar an gClár leasaithe go dtí an spriocdháta an 26 Feabhra.
- Foilsítear liosta na n-éileamh a fuair an príomhoifigeach clárúcháin ar an 12 Márta, áirítear le sin liosta ainmneacha na ndaoine a chuir isteach iarratas comhlánaithe le haghaidh iontráil ar chlár na dToghthóirí roimh an dáta deiridh agus nach raibh curtha san áireamh ar liosta na dtoghthóirí.
- Féadfaidh aon duine ar chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais nó aon oifigeach clárúcháin in institiúid ainmnithe agóid a dhéanamh i gcoinne iontráil duine ó liosta na dtoghthóirí nó liosta na n-éileamh go clár na dtoghthóirí. Is é an 26 Márta an dáta deiridh a ghlacfar le hagóidí.
- Déanfaidh an príomhoifigeach clárúcháin agóidí a mheas agus rialóidh sé orthu.
- Foilsítear an leagan leasaithe de chlár na dtoghthóirí ar an 1 Meitheamh.

Céimeanna

1. Comhlánaigh an fhoirm seo go hiomlán, más mian leat agóid a dhéanamh agus í a chur chuig an príomhoifigeach clárúcháin.
2. Sa chaoi go mbreithnítear í, ní mór cóip den agóid seo a bheith seolta agat chuig an té a a theastaíonn uait agóid a dhéanamh ina choinne tríd an bpost cláraithe.
3. Foilseoidh an príomhoifigeach clárúcháin liosta na n-agóidí a fuarthas agus d'fhéadfadh duine ar bith ar mian leo mionscrúdú a dhéanamh ar na hagóidí é a fheiceáil.

Bain úsáid as ceannlitreacha le do thoil.

A phríomhoifigeach clárúcháin

Ba mhaith liom _____ atá cláraithe mar thoghthóir sa toghlach Ardoideachais/ atá i m'oifigeach clárúcháin le haghaidh ollscoil ainmnithe fógra a thabhairt duit i leith agóide don té seo a leanas atá luaite ar liosta na dtoghthóirí nó liosta na n-éileamh don toghlach Ardoideachais.

Sonraí an té a bhfuil agóid á dhéanamh ina choinne

Ainm	
An uimhir a bhaineann leo ar an liosta na dtoghthóirí nó liosta na n-éileamh (más cuí)	
Seoladh baile ar liosta na dtoghthóirí nó liosta na n-éileamh	
An chúis leis an agóid	

Sonraí an Agóideora

Comhlánaigh A nó B thíos

A: Comhlánaigh an chuid seo má tá tú **cláraithe ar chlár na dtoghthóirí** don toghlach Ardoideachais.

D'ainm	
Do sheoladh (mar a fheictear é ar chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais)	
An uimhir a bhaineann leat ar chlár na dtoghthóirí	

NÓ

B: Comhlánaigh an chuid seo más **oifigeach clárúcháin** thú.

Ainm na hollscoile ainmnithe	
Seoladh na hollscoile ainmnithe	
D'ainm	
Do sheoladh baile	

Síniú

Dáta

Tá sé níos éasca ar líne!

An bealach is éasca chun clárú le vótáil ná é a dhéanamh ar líne www.SeanadVoter.ie

applications@SeanadVoter.ie

+353 (1) 439 2424

VótálaíSeanad.ie, Bosca P.O.13784, Baile Átha Cliath 2, Éire